



**Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0097(BUD)**

**FIN 665
SOC 253**

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---------------------------|--|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8779/26 |
| Ábhar: | Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón Bheilg (EGF/2025/009 BE/Soliver) |

• *Formheas*

1. An 30 Aibreán 2026, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) a shlógadh, maille leis an togra comhfhreagrach maidir le haistriú leithreasuithe Uimh. DEC 07/2026¹.
2. Is é is aidhm don togra EUR 2,13 milliún a shlógadh faoi CED chun freastal ar iarratas ón mBeilg ar an gCiste a shlógadh chun cúnamh a chur ar fáil chun 803 tairbhí spriocdhírthe a athimeascadh sa mhargadh saothair tar éis iomarcaíochtaí oibrithe i Soliver N.V. sa Bheilg (ar táirgeoir gloine mótarfheithiclí ardteicneolaíochta é), i gcomhréir leis na critéir idirghabhála a leagtar amach i bpointe (a) d'Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2021/691².

¹ 8782/26.

² Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 (IO L 153, 3.5.2021, lch. 48, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/691/oj>).

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra ag an gcruinniú a bhí aige an 13 Bealtaine 2026 agus bhí sé in ann é a fhorghnas.
4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle téacs an Chinnidh maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a shlógadh, mar a leagtar amach in 9175/26 é, a fhorghnas.
